# Teimpléad Pleanála Meáin *Aistear* Ranganna na Naíonán go dtí Rang 2

## An Spás Tógála

- Is féidir leis na leanaí cur i gcéill go bhfuil gléasanna meáin á gcruthú acu - fóin phóca, táibléid, irisleabhair, teilifís, raidió, suíomhanna gréasáin, póstaeir, nuachtáin.
- Díreofar an fócas teanga ar phlé a bheith ann faoi na hábhair a bheith ag teastáil chun tabhairt faoi na gníomhaíochtaí, ar cad is gléasanna meáin ann, cén chuma atá orthu agus conas a úsáidtear iad.
- Ábhair ag teastáil don ghníomhaíocht: bloic adhmaid, soip, miosúr, cairtchlár, páipéar, téip thógála, etc.

## Spás an Ghainimh

- Aimsigh na cineálacha éagsúla meáin sa ghaineamh – leaganacha bréige de ghutháin, táibléid, irisleabhair, teilifís, raidió, suíomhanna gréasáin, póstaeir, nuachtáin.
- Ábhair ag teastáil don ghníomhaíocht: bosca gainimh, bréagáin don ghaineamh, bréagáin de ghléasanna meáin, íomhánna samplacha de ghléasanna meáin.

## An Spás Ealaíne agus Ceardaíochta

- Is féidir leis na leanaí pictiúir nó íomhánna 3-thoiseacha a dhéanamh de ghléasanna meáin (fóin phóca, táibléid, irisleabhair, teilifís, raidió, suíomhanna gréasáin, póstaeir, nuachtáin), agus de na teachtaireachtaí a bheadh le feiceáil ar na gléasanna meáin sin, fógraí san áireamh.
- Díreofar an fócas teanga ar na focail a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla meáin.
- Ábhair ag teastáil don ghníomhaíocht: cairtchlár, dathanna, íomhánna samplacha de ghléasanna meáin.

## Spás an Domhain Bhig

- Is féidir leis na leanaí stiúideo teilifíse a chruthú, áit ar féidir leo seóanna raidió agus teilifíse a léiriú.
- Ábhair ag teastáil don ghníomhaíocht: bloic thógála le haghaidh na bhfoirgneamh/ceamaraí, boscaí beaga cairtchláir.

# Aistear

## An Spás Rólghlactha

- Is féidir leis na leanaí ról an tsiopadóra/an bháicéara/an mheicneora a ghlacadh atá ag iarraidh a ngnó a chur chun cinn. Sa ról seo cruthaigh póstaeir, fógraí teilifíse nó suíomh gréasáin chun fógraíocht a dhéanamh ar do ghnó.
- Ábhair ag teastáil don ghníomhaíocht: teimpléid fógraíochta, éidí siopadóra/báicéara/ binse oibre, ceamara bréige, ríomhaire bréige, páipéar, dathanna.

## An Spás Teicneolaíochta

- Féadfaidh na leanaí úsáid a bhaint as táibléid agus seastáin thríchosacha chun fógraí raidió agus teilifíse a chruthú do bhia nó do bhréagán nua.
- Ábhair ag teastáil don ghníomhaíocht: táibléad, seastán tríchosach, éidí bréige, boscaí bia, boscaí bréagán.

## Spás an Taois Súgartha

- Is féidir leis na leanaí a chur i gcéill go bhfuil gléasanna meáin á gcruthú acu ag úsáid taos súgartha - fóin phóca, táibléid, irisleabhair, teilifís, raidió, suíomhanna gréasáin, póstaeir, nuachtáin
- Ábhair ag teastáil don ghníomhaíocht: taos súgartha, íomhánna samplacha de ghléasanna meáin

## An Spás Scríbhneoireachta

- Is féidir leis na leanaí póstaeir a chruthú, chomh maith le scripteanna d'fhógraí teilifíse nó ábhar do shuíomh gréasáin chun fógraíocht a dheanamh ar bhréagán nó earra bia nua.
- Ábhair ag teastáil don ghníomhaíocht: teimpléid fógraíochta, páipéar, dathanna.

# Deiseanna Measúnachta le linn an tSúgartha

## An Spás Tógála

- Breathnaigh ar na leanaí ag cruthú gléasanna meáin. An bhfuil an teanga samhaltaithe cuí á húsáid acu? An bhfuil siad ag obair go maith le daoine eile? Ar lean siad na treoracha go cuí?
- Déan measúnú ar na gléasanna meáin a chruthaigh na leanaí. An bhféachann siad cosúil le gléasanna meáin? An bhfuil sainghnéithe orthu nach mbeifeá ag súil a fheiceáil ar ghléas meáin - fóin phóca, táibléid, irisleabhair, teilifís, raidió, suíomhanna gréasáin, póstaeir, nuachtáin?

## Spás an Ghainimh

- Iarr ar na leanaí a súile a dhúnadh agus míreanna a lorg sa ghaineamh. An féidir leo iad a aimsiú gan mórán stró? Iarr ar na leanaí a thomhas cén rud atá ann ach é a bhrath.
- Cuir an bréagán i bhfolach sa ghaineamh. Tabhair noda do na leanaí maidir leis nó taispeáin íomhá shamplach dóibh den ghléas. An féidir leo a thomhas cad atá ann?

## An Spás Ealaíne agus Ceardaíochta

- Labhair leis na leanaí mar a bheadh ealaíontóir ann agus cuir ceisteanna orthu faoin spás ina n-oibríonn siad. Cad is ainm don ghléas meáin? Cad a dhéanann sé? Cad iad na teachtaireachtaí a gheofá uaidh?
- Tabhair tasc ar leith do na leanaí le déanamh, mar shampla táibléad nó fón póca a chruthú a bhfuil méarchlár air le litreacha nó uimhreacha.
- Ábhair ag teastáil don ghníomhaíocht: cairtchlár, dathanna, íomhánna samplacha de ghléasanna meáin.

## Spás an Domhain Bhig

- Iarr ar na leanaí cur síos a dhéanamh duit ar an seó raidió nó teilifíse a léirigh siad. Cad atá ar siúl ag gach ceann de na carachtair ann - láithreoireacht, obair cheamara, smideadh, seit etc. Cén teachtaireacht atá á cur i láthair ag an seó teilifíse nó raidió don lucht féachana?

# Aistear

## An Spás Rólghlactha

- An bhfuil na leanaí ag úsáid na teanga samhaltaithe cuí? An bhfuil siad á dtumadh féin sa ról? An bhfuil siad ag obair le leanaí eile? An bhfuil siad á gcur féin in oiriúint do róil éagsúla? An bhfuil siad ag cruthú póstaer, fógraí teilifíse nó suímh ghréasáin chun a ngnó a fhógairt.

## An Spás Teicneolaíochta

- An bhfuil na leanaí ag úsáid na teanga samhaltaithe cuí? An féidir leis na leanaí úsáid a bhaint as táibléid agus seastáin thríchosacha chun fógraí a chruthú don raidió nó don teilifís agus do bhia nó bréagán nua. Féach ar an bhfógra arís: an bhfuil na leanaí ag labhairt go soiléir? An bhfuil an táirge le feiceáil go soiléir?

## Spás an Taois Súgartha

- Tabhair na treoracha seo a leanas do na leanaí? Déan measúnú ar na gléasanna meáin a chruthaigh na leanaí. An bhféachann sé cosúil le gléas meáin? An bhfuil sainghnéithe air nach mbeifeá ag súil a fheiceáil ar ghléas meáin?

## An Spás Scríbhneoireachta

- An bhfuil na leanaí ag cruthú póstaer, scripteanna d'fhógraí teilifíse nó ábhar do shuíomh gréasáin chun bréagán nó bia nua a fhógairt? Cén teachtaireacht atá á thabhairt sa phóstaer, sa script don fhógra teilifíse nó don ábhar don suíomh gréasáin do na húsáideoirí? An bhfuil siad ag úsáid na teanga samhaltaithe cuí?

# Aistear

## Deiseanna Measúnachta le linn an tSúgartha

- Iarr ar gach leanbh pictiúr a tharraingt nó scríobh faoin gcuid de *Aistear* ab ansa leo an lá nó an tseachtain sin, mar chuid den iontráil i dtaifead foghlama *Aistear*.
- Iarr ar gach leanbh a insint don rang cad a rinne siad in *Aistear* an lá sin.
- I ngrúpaí nó mar rang, scríobh amach an príomhstór focal ar bhain na leanaí úsáid as an lá/an tseachtain sin agus cuir leis an liosta sin gach lá.

## Gníomhaíochtaí Iardain

- Ag baint úsáide as táibléid, as fóin phóca nó as físthaifeadán de roinnt de na fógraí teilifíse a chruthaigh leanaí sa spás Rólghlactha.
- Glac pictiúir de gach gléas meáin a rinne na leanaí as taos súgartha nó as ábhair thógála agus cuir iad i gcatagóirí éagsúla – fóin phóca, táibléid, irisleabhair, teilifís, raidió, suíomhanna gréasáin, póstaeir, nuachtáin.

## Fón Póca



## Táibléad



## Suíomhanna Gréasáin



# Teilifís



# Aistear


## Raidió



## Irisleabhair



## Póstaeir


BUY 1
GET 1
FREE
YOUR SPECIAL OFFER IS HERE
MON-FRI [9:00-19:00] SAT-SUN [9:30-20:00]
Lorem ipsum dolor sit amet, consectetur adipiscing elit, sed do eiusmod tempor incididunt ut labore et dolore magna aliqua. Ut enim ad minim veniam, quis nostrud exercitation ullamco laboris nisi ut aliquip ex ea commodo consequat. Duis aute irure dolor in reprehenderit in voluptate velit esse cillum dolore eu fugiat nulla pariatur. Excepteur sint occaecat cupidatat non proident, sunt in culpa qui officia deserunt.
+ 99 9999 9999
yourmail@mail.com
www.website.com

## Nuachtáin



# Aistear





FUJITSU









-WEEKLY-
ENJOY WORLDWIDE FAVORITE HEROES EVERY WEEK !!!
$1.50 US
COMICS MAGAZINE!
#24
EXTRA BONUS:
1 POSTER INSIDE!
HIGH QUALITY
COMICS!
54 PAGES


BUY 1
GET 1
FREE
YOUR SPECIAL OFFER IS HERE
MON-FRI [9:00-19:00] SAT-SUN [9:30-20:00]
+ 99 9999 9999
yourmail@mail.com
www.website.com


DAILY NEWS
TODAY'S HEADLINE
RECYCLE TO SAVE THE PLANET!

## Teimpléad fógraíochta: póstaer



# Aistear

## Teimpléad Fógraíochta: Fógraí Teilifíse



# Aistear

## Teimpléad Fógraíochta: Suíomh Gréasáin

